Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Márta 2018**
**(OR. en)**

**6954/18**

**DAPIX 58**
**CRIMORG 27**
**ENFOPOL 104**
**ENFOCUSTOM 42**
**JAI 206**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 8 Márta 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5733/18 + COR1 |
| Ábhar: | "Cinntí Prüm" - Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle<br>- Meastóireacht a dhéanamh ar an gCróit maidir le sonraí DNA a mhalartú go huathoibríoch |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí, atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle, a ghlac an Chomhairle ag an 3603ú cruinniú dá cuid ar an 8 Márta 2018.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**
**maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle**

**Meastóireacht a dhéanamh ar an gCróit maidir le sonraí DNA a mhalartú go huathoibríoch**

1. De réir Airteagal 25(2) de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle, ní sholáthrófar na sonraí pearsanta dá bhforáiltear faoin gCinneadh go dtí go mbeidh na forálacha maidir le cosaint sonraí atá leagtha amach i gCaibidil 6 den Chinneadh curtha chun feidhme i ndlí náisiúnta chríocha na mBallstát a bhfuil baint acu leis an soláthar sin. Ní mór don Chomhairle cinneadh d'aon toil cibé ar comhlíonadh an coinníoll sin nó nár comhlíonadh. Níl feidhm ag an bhforáil sin maidir leis na Ballstáit sin ina bhfuil tús curtha cheana le soláthar sonraí pearsanta dá bhforáiltear de bhun "Conradh Prüm" (2005).

2. De réir Airteagal 20 de Chinneadh 2008/616/CGB, ní mór an fíorú go bhfuil an coinníoll thuasluaite comhlíonta a dhéanamh ar bhonn tuarascála meastóireachta bunaithe ar cheistneoir. Maidir le sonraí a mhalartú go huathoibríoch i gcomhréir le Caibidil 2 de Chinneadh 2008/615/CGB, ní mór don tuarascáil mheastóireachta a bheith bunaithe ar chuairt mheastóireachta agus ar threoirthionscadal freisin.

3. De réir phointe 1.1 de Chaibidil 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2008/616/CGB, baineann an ceistneoir a dhréachtaigh meitheal ábhartha na Comhairle le gach ceann de na malartuithe uathoibríocha sonraí agus ní mór don Bhallstát é a fhreagairt a luaithe agus a chreideann sé go gcomhlíonann sé na réamhriachtanais le haghaidh sonraí a chomhroinnt sa chatagóir sonraí ábhartha.

4. Tá an ceistneoir maidir le cosaint sonraí agus an ceistneoir maidir le malartú sonraí DNA críochnaithe ag an gCróit. Chuir an Chróit treoirthionscadal rathúil i gcrích in éineacht leis an Liotuáin agus leis an bPolainn. Tugadh cuairt mheastóireachta ar an gCróit agus rinne foireann meastóireachta na Liotuáine/na Polainne tuarascáil ar an gcuairt mheastóireachta agus chuir sí ar aghaidh chuig meitheal ábhartha na Comhairle í (5725/18 DAPIX 12 CRIMORG 8 ENFOPOL 37 ENFOCUSTOM 13 JAI 57).

5. Tíolacadh chuig an gComhairle tuarascáil fhoriomlán mheastóireachta ina ndéantar achoimre ar thorthaí an cheistneora, ar thorthaí na cuairte meastóireachta, agus ar thorthaí an treoirthionscadail maidir le sonraí DNA a mhalartú (5732/18 DAPIX 16 CRIMORG 7 ENFOPOL 36 ENFOCUSTOM 12 JAI 56).

6. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Malartú Faisnéise agus um Chosaint Sonraí (DAPIX) ar an 27 Feabhra 2018, admhaíodh go gcomhaontaíonn gach Ballstát atá faoi cheangal ag 2008/615/CGB go bhfuil na coinníollacha comhlíonta chun go measfaidh an Chomhairle gurb amhlaidh, chun críocha malartaithe uathoibríoch sonraí DNA, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine ag an gCróit.

7. Ar an mbonn sin, measann an Chomhairle gurb amhlaidh, chun críocha malartaithe uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí DNA, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine ag an gCróit.